

Féile Chóilín Sheáin Dharach

Bunaíodh coiste beag i Mí Deireadh Fómhair, 2001, chun comórtas damhsa a chur ar siúl in ómós do Chóilín Seoige as an gCladach Ó Dheas, a cailleadh Bealtaine na bliana sin. Ba é rún an choiste, ná comórtas damhsa a chur ar siúl cosúil leis an gcomórtas in ómós do Mháirtín Beag Ó Gríofa a bhíodh ar siúl ar an gCeathrú Rua ag an am.

Is iomaí comórtas damhsa sean-nóis a bhíodh ar siúl ag na féilte i rith an tsamhraidh i gConamara faoin am sin, agus ceapadh gur cheart béim a chur ar an jig "Connachtman's Rambles", mar ba nós le Cóilín an port sin a iarraidh ar na ceoltóirí nuair a bhíodh sé ag damhsa.

Ó tógadh an cinneadh sin seacht mbliana ó shin, tháinig fás uaibhreach ar an gcomórtas damhsa ó bhliain go bliain. Is fearr le cuid de dhamhsóirí Chonamara fanacht taobh le ríleanna "Miss McLeod's" nó "The Sally Gardens." Ón tús tháinig damhsóirí eile ón taobh amuigh den Ghaeltacht chun freastal ar an bhféile agus páirt a ghlacadh sa gcomórtas. Mar shampla, ghlac damhsóirí as Béal Féirste, Sligeach, Corcaigh, Doire agus as Ciarraí páirt sa gcomórtas thar na mblianta, agus tháinig triúr ó Stáit Aontaithe Mheiriceá arís i mbliana den tríú huair chun dul san iomaíocht. Ina

theannta sin, i mbliana den chéad uair ó thús na féile, níorbh as Conamara an té a bhuaigh an comórtas ... Paul Moran!

Bíonn an halla lán go doras leis an lucht féachana agus bhí ón tús. Dá bhrí sin, aistríodh an comórtas go Coláiste Chuimhneacháin An Phiarsaigh, foirgneamh a h-oscailíodh sa bhliain 2006. Ar ndóigh, meallann Comórtas Chóilín Sheáin Dharach a bhíonn ar siúl oíche Dé Sathairn na sluaite gach bliain. Freastalaíonn slua mór freisin, idir óg agus aosta ar chomórtas na ngasúr trathnóna Dé Domhnaigh. Sin imeacht atá tábhachtach i measc páistí scoile. Táthar ag cur le h-imeachtaí na féile gach bliain agus is féile trí lá le clár leathan imeachtaí chultúrtha an fhéile anois. Canann na hamhránaithe sean-nóis is fearr sa cheantar an liotúirge ag an Aifreann Domhnaigh. Ar chuid de na h-imeachtaí eile a bhíonn ar siúl bíonn damhsóirí ag damhsa ar an leathdhoras agus ar bhairille. Bíonn léacht ar an Domhnach faoi dhuine as Ros Muc a bhain cáil amach. Tugadh ómós i mbliana do Chaitlín Maude, file, amhránaí, aisteoir, a bhí gníomhach ar son na teangan, a fuair bás sa bhliain 1982.

Tabharfar ómós sa bhliain 2009 do John Pheaitín Tom, dornálaí a throid le Mike McCallum i Madison Square Garden, i Nua Eabhrac i 1985, chun seaimpín dornálaíochta dhomhanda sa trom-mheachán a bhaint amach.



Tom Moran a tháinig sa dara háit sa gComórtas 2008
Beidh Féile Chóilín Sheáin Dharach 2009 ar siúl ar an 23, 24, 25 Eanáir 2009.

Tá an fhéile seo ag dul ó neart go neart gach bliain agus tá aghaidh go leor daoine ar an bhféile i Rosmuc. Tá go leor do mhuintir Chóilín Sheáin Dharach ina gconaí sa gceantar agus tá an t-aitheantas a bhí tuillte aige á fháil anois.

T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer, Crua-earraí,

Soláthraí Tógálaithe

Éadathóireacht



Gach rath ar obair Phléaráca ar feadh na bliana

Bank of Ireland

CALOR GAS

post

National LOTTERY

Cúrsaí Nua

Tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag tairiscint na gcúrsaí seo a leanas i réimse na dTaibh-Ealaíon:

Dioplóma sna Dána (Cóiriú agus Stáitsiú an Cheoil) (láncaimseartha)

Dioplóma san Aisteoireacht (páirtaimseartha)

Ard-Dioplóma sa Drámaíocht (páirtaimseartha)

Breis eolais le fáil ó:

Máire Áine Ní Chinnéide, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

Teileafón: 091 595101, Fón Póca: 087 9080194

R-phost: marianne.nichinneide@oegaillimh.ie

Idirlíon: www.acadamh.ie



ACADAMH na hOllscolaíochta Gaeilge

DESIGN BY WWW.MACROMARKETING.IE